2025/1040

23.5.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1040 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Bealtaine 2025

maidir le spriocanna feidhmíochta áirithe atá san áireamh sna dréachtphleananna feidhmíochta náisiúnta agus sna dréachtphleananna feidhmíochta bloic feidhme aerspáis a chuir an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Fhrainc, an Laitvia, Lucsamburg, an Ísiltír agus an tSlóvaic isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bheith ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais do cheathrú tréimhse thagartha scéim feidhmíochta agus muirearaithe an Aerspáis Eorpaigh Aonair

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025)2930)

(Is iad na téacsanna Danmhairgise, Béarla, Eastóinise, Fraincise, Gaeilge, Gearmáinise, Gréigise, Laitvise, Ollainnise agus Slóvaicise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an dara fomhír de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair ([2]), agus go háirithe Airteagal 58(3) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Aerspás Aonair,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. CÚLRA

(1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá na Ballstáit le pleananna a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis ('FABanna'), lena n-áirítear spriocanna feidhmíochta, le haghaidh gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra. Áireofar sna pleananna sin spriocanna feidhmíochta áitiúla atá comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh na tréimhse tagartha lena mbaineann.

(2) Leagadh síos na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an cheathrú tréimhse thagartha ('TT4', 2025-2029) i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688 ón gCoimisiún ([3]).

(3) Tá dréachtphlean feidhmíochta tarraingthe suas ag gach Ballstát do TT4, pleananna a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2024. Tar éis don Choimisiún a fhíorú gurbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar na Ballstáit dréachtphleananna feidhmíochta cothrom le dáta a chur isteach faoin 15 Samhain 2024.

(4) An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, tá sé bunaithe ar na dréachtphleananna feidhmíochta nuashonraithe le haghaidh TT4 a chuir an Bheilg, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Ghearmáin, an Ghréig, an Fhrainc, an Ísiltír, an Laitvia, Lucsamburg agus an tSlóvaic isteach ('dréachtphleananna feidhmíochta').

([1]) IO L 96, 31.3.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/549/oj.
([2]) IO L, 2024/2803, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2803/oj.
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2024 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an gceathrú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2025 agus dar críoch an 31 Nollaig 2029 (IO L, 2024/1688, 17.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1688/oj).t.

(5) An Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta ('CAF'), comhlacht a thugann cúnamh don Choimisiún chun an scéim feidhmíochta a chur chun feidhme, chuir sé tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ina bhfuil a chomhairle faoin measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún ([4]), rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta áitiúla a chuimsítear sna dréachtphleananna feidhmíochta ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh i gcás inarb ábhartha.

(7) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir na Ballstáit lena mbaineann isteach maidir le héifeachtacht bhainistiú sábháilteachta na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta bunaithe ar an gcritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, scrúdaigh an Coimisiún an bhforáiltear leis na spriocanna atá beartaithe a áirítear sna dréachtphleananna feidhmíochta do leibhéal éifeachtachta bainistíochta sábháilteachta atá cothrom le leibhéal na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais nó níos airde ná sin.

(8) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir na Ballstáit lena mbaineann isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna atá beartaithe a áirítear sna dréachtphleananna feidhmíochta i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heitilte faoi bhealach a leagtar amach i bPlean Feabhsúcháin Líonra Aerbhealaí na hEorpa an 2 Iúil 2024, arna tharraingt suas i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún ([5]) ('ERNIP'). Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh.

(9) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir na Ballstáit lena mbaineann isteach maidir leis an meánmhoill ar bhainistíocht na sreibhe aerthráchta ('BSAT') faoi bhealach in aghaidh na heitilte ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna atá beartaithe a áirítear sna dréachtphleananna feidhmíochta i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach i bPlean Feabhsúcháin an Líonra an 2 Iúil 2024, arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh.

(10) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a áirítear sna dréachtphleananna feidhmíochta maidir leis an gcostas aonaid arna shuí ('CAAS') le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta eitiltí faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treocht CAAS le linn TT4, an treocht fhadtéarmach CAAS le linn an tríú tréimhse tagartha (2020-2024) ('TT3') agus TT4 (2020-2029), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéil an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.

(11) I gcás inar cinneadh go raibh na spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach ar neamhréir leis na critéir a leagtar síos i bpointí 1.4(a), 1.4(b) agus 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, rinne an Coimisiún scrúdú breise, i bhfianaise na n-údar agus na fianaise a cuireadh ar fáil sna dréachtphleananna feidhmíochta, ar cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí a mheas go raibh diallas riachtanach agus comhréireach ar fhorais phointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/317/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta (BAT) a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 ón gCoimisiún (IO L 28, 31.1.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/123/oj).

(12) Chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta le hathbhreithniú ar na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Maidir le pointe 2.1(d)(vii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire nach ndearna sé, mar chuid den athbhreithniú sin, anailís mhionsonraithe ar na modheolaíochtaí arna n-úsáid ag na Ballstáit chun costais a leithdháileadh idir seirbhísí faoi bhealach agus seirbhísí críochfoirt le linn TT4. Dá bhrí sin, níor tháinig an Coimisiún ar aon chonclúid, ag an gcéim seo, maidir lena mhéid a chomhlíonann na modheolaíochtaí sin maidir le leithdháileadh costas pointí (e) agus (f) d'Airteagal 15(2) de Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus Airteagal 22(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

2. TORTHAÍ A BHAINEANN LEIS AN mBEILG, AN FHRAINC, AN GHEARMÁIN, AN ÍSILTÍR AGUS LUCSAMBURG

(13) Rinne an Bheilg, an Eilvéis, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír agus Lucsamburg dréachtphlean feidhmíochta a tharraingt suas agus a ghlacadh i gcomhpháirt ar leibhéal Bhloc Feidhme Aerspáis Lár na hEorpa ('FABEC').

(14) Leagtar amach sa Chinneadh seo measúnú an Choimisiúin ar dhréachtphlean feidhmíochta FABEC ('dréachtphlean feidhmíochta FABEC') maidir leis an mBeilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír agus Lucsamburg. Mar thríú tír atá faoi réir na scéime feidhmíochta agus muirearaithe de bhun an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hAeriompar ([7]), thug an Coimisiún fógra ar leithligh don Eilvéis faoi na torthaí a d'eascair as an measúnú ar dhréachtphlean feidhmíochta FABEC ([8]).

Measúnú ar na spriocanna costéifeachtúlachta ([9])

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Beilge-Lucsamburg

(15) Is iad seo a leanas na spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach atá beartaithe le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na Beilge agus Lucsamburg le haghaidh TT4, agus na luachanna bonnlíne gaolmhara:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Beilge-Lucsamburg	Luach bonnlíne 2019	Luach bonnlíne 2024	2025	2026	2027	2028	2029
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 94,14**	**EUR 104,26**	**EUR 104,94**	**EUR 106,08**	**EUR 106,14**	**EUR 104,43**	**EUR 103,83**

(16) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara nach bhfuil treocht CAAS na Beilge agus Lucsamburg ar leibhéal an limistéir muirearaithe de - 0,1 % le linn TT4 ag feidhmiú go leordhóthanach i ndáil leis an treocht uile-Aontais de - 1,2 % le linn na tréimhse céanna.

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 10, ELI http://data.europa.eu/eli/reg/2004/550/oj).

([7]) IO L 114, 30.4.2002, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2002/309(2)/oj.

([8]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an [dáta] maidir le spriocanna feidhmíochta áirithe atá sa dréachtphlean feidhmíochta bloic feidhme aerspáis a chuir an Eilvéis isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bheith ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha.

([9]) Chinn an Coimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na Fraince, a chuimsítear i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC, comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais le haghaidh TT4. Dá bhrí sin, ní leagtar amach aon toradh gaolmhar sa Chinneadh seo.

(17) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil treocht CAAS fhadtéarmach na Beilge agus Lucsamburg ar leibhéal an limistéir muirearaithe de +1,1 % le linn TT3 agus TT4 ag feidhmiú go leordhóthanach i ndáil leis an treocht uile-Aontais de - 1,0 % le linn na tréimhse céanna.

(18) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an luach bonnlíne EUR 104,26 le haghaidh CAAS na Beilge agus Lucsamburg, luach arna shloinneadh i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022 ('EUR2022'), 10,8 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, is é sin EUR 94,13 in EUR2022, a leagtar amach in Airteagal 7, pointe (e), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

(19) Is gá scrúdú a dhéanamh chun a chinneadh an féidir a mheas go bhfuil na dialltaí dá dtagraítear in aithrisí (16), (17) agus (18) riachtanach agus comhréireach i gcomhréir le pointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, rinne an Coimisiún measúnú chun a chinneadh an bhfuil na dialltaí a breathnaíodh ón treocht CAAS uile-Aontais agus ón treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais dá dtagraítear in aithrisí (16) agus (17) i ngeall, go heisiach, ar chostais bhreise arna suí a bhaineann leis na bearta is gá chun na spriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta a bhaint amach nó ar chostais athstruchtúraithe de réir bhrí Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(20) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go dtagraíonn an Bheilg agus Lucsamburg i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC do na costais bhreise arna suí arna dtabhú le linn TT4 ag na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta ('ANSPanna') skeyes agus ag Lárionad Rialaithe Limistéar Uachtarach Maastricht ('MUAC') i ndáil leis na bearta is gá chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta a bhaint amach ('bearta acmhainneachta'). Tá na príomhghnéithe seo a leanas sna bearta acmhainneachta a chuirtear i láthair:

(a) skeyes agus MUAC oiliúint a chur ar rialtóirí aerthráchta nua ('ATCOnna') agus iad a earcú, go príomha chun teacht in ionad ATCOnna a bhfuil coinne leis go rachaidh siad ar scor le linn TT4, ach freisin chun freastal ar an bhfás tráchta atá tuartha agus chun tacú le nuachóiriú an chórais tacaíochta;

(b) skeyes córas nua bainistíochta aerthráchta ('BAT') a fháil agus a chur in úsáid in 2028, rud a sholáthróidh feabhsuithe suntasacha feidhmiúla agus teicniúla; tiocfaidh an BAT nua in ionad chóras BAT skeyes atá ann faoi láthair, atá in úsáid ó bhí 2009 ann;

(c) skeyes uirlis pleanála nua a rolladh amach lena gcumasófar uainchlárú uathoibrithe ATCOnna, rud as a dtiocfaidh bainistíocht bharrfheabhsaithe ar an lucht saothair agus gnóthachain oibríochtúla ghaolmhara;

(d) MUAC uirlisí agus feidhmeanna nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le hoibríochtaí;

(e) MUAC feabhsuithe struchtúracha ar dhearadh agus ar úsáid aerspáis a chur chun feidhme;

(f) MUAC foirgnimh nua a thógáil le haghaidh seomra oibríochtaí nua (seomra OPS) ina mbeidh oifigí agus saoráidí tacaíochta.

(21) Ag féachaint don mheastóireacht arna déanamh ag CAF, tá na costais bhreise arna dtuairisciú ag an mBeilg agus ag Lucsamburg le haghaidh na mbeart acmhainneachta dá dtagraítear in aithris (20) i bhfad níos ísle i dtéarmaí airgeadaíochta ná na dialltaí a breathnaíodh ó na treochtaí costéifeachtúlachta uile-Aontais arna ríomh ag CAF. Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhféadfaí bearta acmhainneachta áirithe arna n-agairt ag an mBeilg agus ag Lucsamburg a mheas mar chuid de ghnáthoibríochtaí na ANSPanna lena mbaineann nó nach bhféadfaidís rannchuidiú go díreach le hacmhainneacht aerspáis a fheabhsú. Dá bhrí sin, ní féidir teacht ar chonclúid, gan tuilleadh faisnéise agus anailíse mionsonraithe, maidir le cé acu is féidir nó nach féidir a mheas go bhfuil na bearta acmhainneachta arna gcur i láthair ag an mBeilg agus ag Lucsamburg riachtanach agus comhréireach, ina n-iomláine, chun na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta áitiúla le haghaidh TT4 a bhaint amach. Dá bhrí sin, tugann an Coimisiún dá aire nach féidir na dialltaí a breathnaíodh ó na treochtaí costéifeachtúlachta uile-Aontais dá dtagraítear in aithrisí (16) agus (17) agus a chur go heisiach i leith na gcostas breise a eascraíonn as na bearta acmhainneachta a cuireadh i láthair.

(22) Dá bhrí sin, níor cheart a mheas go bhfuil an critéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 comhlíonta i ndáil leis an mBeilg agus le Lucsamburg.

(23) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara nár chuir an Bheilg ná Lucsamburg i láthair sa dréachtphlean feidhmíochta FABEC aon bheart athstruchtúraithe lena dtabharfaí údar le diall ón treocht CAAS uile-Aontais ná ón treocht CAAS fhadtéarmach uile-Aontais de bhun na gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(ii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(24) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (15) go (23), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na Beilge-Lucsamburg ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Gearmáine

(25) Is iad seo a leanas na spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach atá beartaithe le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na Gearmáine le haghaidh TT4, agus na luachanna bonnlíne gaolmhara:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Gearmáine	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 71,71**	**EUR 74,90**	**EUR 73,16**	**EUR 73,06**	**EUR 73,10**	**EUR 71,87**	**EUR 70,54**

(26) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil treocht CAAS na Gearmáine ar leibhéal an limistéir muirearaithe de - 1,2 % le linn TT4 i gcomhréir leis an treocht uile-Aontais de - 1,2 % le linn na tréimhse céanna.

(27) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil treocht CAAS fhadtéarmach na Gearmáine le linn TT3 agus TT4 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá - 0,2 %, níos measa ná an treocht fhadtéarmach uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá - 1,0 %.

(28) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an luach bonnlíne EUR 74,90 le haghaidh CAAS na Gearmáine in EUR2022 29,9 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, is é sin EUR 57,66 in EUR2022, a leagtar amach in Airteagal 7, pointe (a), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

(29) Is gá scrúdú a dhéanamh chun a chinneadh an féidir a mheas go bhfuil na dialltaí dá dtagraítear in aithrisí (27) agus (28) riachtanach agus comhréireach i gcomhréir le pointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, rinne an Coimisiún measúnú chun a chinneadh an bhfuil an diall a breathnaíodh ón treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais agus ón treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais dá dtagraítear in aithris (27) i ngeall, go heisiach, ar chostais bhreise arna suí a bhaineann leis na bearta is gá chun na spriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta a bhaint amach nó ar chostais athstruchtúraithe de réir bhrí Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(30) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go dtagraíonn an Ghearmáin i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC do na costais bhreise arna suí arna dtabhú le linn TT4 ag na ANSPanna DFS agus MUAC i ndáil leis na bearta is gá chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta a bhaint amach ('bearta acmhainneachta'). Tá na príomhghnéithe seo a leanas sna bearta acmhainneachta a chuirtear i láthair:

(a) DFS agus MUAC oiliúint a chur ar ATCOnna nua agus iad a earcú: i gcás DFS, tá sé beartaithe go dtiocfaidh méadú foriomlán os cionn 10 % ar an líon ATCOnna in oibríochtaí ag lárionaid rialaithe limistéir ('ACCanna') Bremen, Karlsruhe, Langen agus München mar thoradh ar an mbeart sin, chun aghaidh a thabhairt ar na ganntanais acmhainneachta atá roimh na ACCanna sin; i gcás MUAC, níl sé beartaithe go dtiocfaidh ach méadú beag ar an líon ATCOnna in oibríochtaí le linn TT4 ach leanfaidh iontógáil ATCOnna nua de bheith suntasach chun cúiteamh a dhéanamh ar an líon ard ATCOnna a mheasfar a rachaidh ar scor le linn na tréimhse tagartha sin;

(b) DFS feidhmiúlachtaí nua an chórais BAT a fháil agus a chur in úsáid do ACC Bremen agus München; meastar go gcuirfidh na feidhmiúlachtaí sin feabhsuithe oibríochtúla ar sholáthar ANSPanna, lena n-áirítear acmhainneacht aerspáis fheabhsaithe;

(c) tionscnamh ó MUAC agus DFS, i leith ACC Karlsruhe, dhá líonad sonraí geo-iomarcacha a chur ar bun a bheidh in ann tacú le chéile agus teacht in ionad a chéile, agus é mar chuspóir leis sin cáilíocht seirbhíse na seirbhísí aerloingseoireachta a neartú;

(d) rannpháirtíocht DFS, in éineacht le sé ANSP eile, i gclár comhair arb é is aidhm dó comhchóras BAT a fhorbairt amach anseo do na ANSPanna lena mbaineann; measann DFS go bhféadfaí an córas BAT nua a d'eascródh as sin a chur in úsáid ag ACC Langen, tráth nach luaithe ná 2031, agus, dá bhrí sin, nach bhféadfaí é a chur in úsáid laistigh de thráthchlár TT4;

(e) DFS na córais theicniúla agus na bogearraí is gá a chur in úsáid chun an fhofheidhmiúlacht 'AF6 – Comhroinnt Faisnéise faoi na Ruthaig Thosaigh' a cheanglaítear faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/116 ón gCoimisiún ([10]) a chomhlíonadh;

(f) DFS athruithe a chur chun feidhme ar a chóras faireachais agus uirlis nua lena dtacaítear le hearnáiliú aerspáis níos éifeachtúla agus níos dinimiciúla;

(g) MUAC uirlisí agus feidhmeanna nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le hoibríochtaí;

(h) MUAC feabhsuithe struchtúracha ar dhearadh agus ar úsáid aerspáis a chur chun feidhme;

(i) MUAC foirgnimh nua a thógáil le haghaidh seomra oibríochtaí nua (seomra OPS) ina mbeidh oifigí agus saoráidí tacaíochta.

(31) Ag féachaint don mheastóireacht arna déanamh ag CAF, tá na costais bhreise arna dtuairisciú ag an nGearmáin le haghaidh na mbeart acmhainneachta dá dtagraítear in aithris (30) i bhfad níos ísle i dtéarmaí airgeadaíochta ná an diall a breathnaíodh ón treocht costéifeachtúlachta fhadtéarmach uile-Aontais arna ríomh ag CAF.

(32) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhféadfaí bearta acmhainneachta áirithe arna n-agairt ag an nGearmáin a mheas mar chuid de ghnáthoibríochtaí na ANSPanna lena mbaineann nó nach bhféadfaidís rannchuidiú go díreach le hacmhainneacht aerspáis a fheabhsú. Dá bhrí sin, ní féidir teacht ar chonclúid, gan tuilleadh faisnéise agus anailíse mionsonraithe, maidir le cé acu is féidir nó nach féidir a mheas go bhfuil na bearta acmhainneachta arna gcur i láthair ag an nGearmáin riachtanach agus comhréireach, ina n-iomláine, chun na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta áitiúla le haghaidh TT4 a bhaint amach. Dá bhrí sin, tugann an Coimisiún dá aire nach féidir na dialltaí a breathnaíodh ón treocht CAAS fhadtéarmach uile-Aontais dá dtagraítear in aithris (27) a chur go heisiach i leith na gcostas breise a eascraíonn as na bearta acmhainneachta a cuireadh i láthair.

(33) Dá bhrí sin, níor cheart a mheas go bhfuil an critéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 comhlíonta i ndáil leis an nGearmáin.

(34) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara nár chuir an Ghearmáin i láthair sa dréachtphlean feidhmíochta FABEC aon bheart athstruchtúraithe lena dtabharfaí údar le diall ón treocht CAAS uile-Aontais ná ón treocht CAAS fhadtéarmach uile-Aontais de bhun na gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(ii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(35) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (25) go (34), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na Gearmáine ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hÍsiltíre

(36) Is iad seo a leanas na spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach atá beartaithe le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na hÍsiltíre le haghaidh TT4, agus na luachanna bonnlíne gaolmhara:

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/116 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2021 maidir le bunú Chomhthionscadal a hAon lena dtacaítear le cur chun feidhme an Mháistirphlean Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 409/2013 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 716/2014 ón gCoimisiún (IO L 36, 2.2.2021, lgh. 10-38, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/116/oj).

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hÍsiltíre	Luach bonnlíne 2019	Luach bonnlíne 2024	2025	2026	2027	2028	2029
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 86,52**	**EUR 104,60**	**EUR 103,51**	**EUR 103,61**	**EUR 106,50**	**EUR 106,28**	**EUR 105,95**

(37) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara nach bhfuil treocht CAAS na hÍsiltíre ar leibhéal an limistéir muirearaithe de +0,3 % le linn TT4 ag feidhmiú go leordhóthanach i ndáil leis an treocht uile-Aontais de - 1,2 % le linn na tréimhse céanna.

(38) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil treocht CAAS fhadtéarmach na hÍsiltíre le linn TT3 agus TT4 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá +2,3 %, níos measa ná an treocht fhadtéarmach uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá - 1,0 %.

(39) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an luach bonnlíne EUR 104,60 le haghaidh CAAS na hÍsiltíre in EUR2022 11,3 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, is é sin EUR 94,01 in EUR2022, a leagtar amach in Airteagal 7, pointe (e), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

(40) Is gá scrúdú a dhéanamh chun a chinneadh an féidir a mheas go bhfuil na dialltaí dá dtagraítear in aithrisí (37) go (39) riachtanach agus comhréireach i gcomhréir le pointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, rinne an Coimisiún measúnú chun a chinneadh an bhfuil na dialltaí a breathnaíodh ón treocht CAAS uile-Aontais agus ón treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais dá dtagraítear in aithrisí (37) agus (38) i ngeall, go heisiach, ar chostais bhreise arna suí a bhaineann leis na bearta is gá chun na spriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta a bhaint amach nó ar chostais athstruchtúraithe de réir bhrí Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(41) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go dtagraíonn an Ísiltír i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC do na costais bhreise arna suí arna dtabhú le linn TT4 ag na ANSPanna LVNL agus MUAC i ndáil leis na bearta is gá chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta a bhaint amach ('bearta acmhainneachta'). Tá na príomhghnéithe seo a leanas sna bearta acmhainneachta a chuirtear i láthair:

(a) LVNL agus MUAC oiliúint a chur ar ATCOnna nua agus iad a earcú, go príomha chun teacht in ionad ATCOnna a bhfuil coinne leis go rachaidh siad ar scor le linn TT4, ach freisin chun freastal ar an bhfás tráchta atá tuartha agus chun tacú le nuachóiriú an chórais tacaíochta;

(b) LVNL feabhas a chur ar a shaoráidí oiliúna ATCO agus ar a ionsamhlóirí, chun acmhainneacht agus aschur oiliúna a mhéadú;

(c) LVNL uasghrádú a dhéanamh ar a chóras BAT, rud atá beartaithe ionas gur féidir feabhsuithe a dhéanamh amach anseo ar acmhainneacht an aerspáis;

(d) MUAC uirlisí agus feidhmeanna nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le hoibríochtaí;

(e) MUAC feabhsuithe struchtúracha ar dhearadh agus ar úsáid aerspáis a chur chun feidhme;

(f) MUAC foirgnimh nua a thógáil le haghaidh seomra oibríochtaí nua (seomra OPS) ina mbeidh oifigí agus saoráidí tacaíochta.

(42) Ag féachaint don mheastóireacht arna déanamh ag CAF, tá na costais bhreise arna dtuairisciú ag an Ísiltír le haghaidh na mbeart acmhainneachta dá dtagraítear in aithris (41) i bhfad níos ísle i dtéarmaí airgeadaíochta ná na dialltaí a breathnaíodh ó na treochtaí costéifeachtúlachta uile-Aontais arna ríomh ag CAF. Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhféadfaí bearta acmhainneachta áirithe arna n-agairt ag an Ísiltír a mheas mar chuid de ghnáthoibríochtaí na ANSPanna lena mbaineann nó nach bhféadfaidís rannchuidiú go díreach le hacmhainneacht aerspáis a fheabhsú. Dá bhrí sin, ní féidir teacht ar chonclúid, gan tuilleadh faisnéise agus anailíse mionsonraithe, maidir le cé acu is féidir nó nach féidir a mheas go bhfuil na bearta acmhainneachta arna gcur i láthair ag an Ísiltír riachtanach agus comhréireach, ina n-iomláine, chun na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta áitiúla le haghaidh TT4 a bhaint amach. Dá bhrí sin, tugann an Coimisiún dá aire nach féidir na dialltaí a breathnaíodh ó na treochtaí costéifeachtúlachta uile-Aontais dá dtagraítear in aithrisí (37) agus (38) agus a chur go heisiach i leith na gcostas breise a eascraíonn as na bearta acmhainneachta a cuireadh i láthair.

(43) Dá bhrí sin, níl an critéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 comhlíonta i ndáil leis an Ísiltír.

(44) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara nár chuir an Ísiltír i láthair sa dréachtphlean feidhmíochta FABEC aon bheart athstruchtúraithe lena dtabharfaí údar le diall ón treocht CAAS uile-Aontais ná ón treocht CAAS fhadtéarmach uile-Aontais de bhun na gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(ii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(45) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (36) go (44), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na hÍsiltíre ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

Athbhreithniú ar na bearta chun spriocanna sábháilteachta a bhaint amach

(46) I gcomhréir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar dhréachtphlean feidhmíochta FABEC trí athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta chun na spriocanna sábháilteachta atá sa phlean sin a bhaint amach.

(47) Ar bhonn an athbhreithnithe dá dtagraítear in aithris (46), tugann an Coimisiún dá aire go n-áirítear i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC bearta chun na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta a bhaint amach d'fhonn na spriocanna uile-Aontais a bhaint amach in 2029. Mar sin féin, d'ainneoin na mbeart sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil na spriocanna idirmheánacha le haghaidh na mblianta 2025 go 2028 a chuir Lucsamburg agus an Ísiltír i láthair le haghaidh na nANSPanna ANALUX agus LVNL faoi seach thar a bheith íseal. Níl údar cuí leis na spriocanna idirmheánacha ísle sin i bhfianaise fheidhmíocht iarbhír na ANSPanna sin le linn TT3 ná i bhfianaise na mbeart arna gcur i láthair chun na spriocanna sábháilteachta sin a bhaint amach i leith TT4.

(48) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart do Lucsamburg agus don Ísiltír aghaidh a thabhairt ar na torthaí a leagtar amach in aithris (47) trí fheabhas a chur ar na leibhéil bainistíochta sábháilteachta spriocdhírithe le haghaidh na mblianta 2025 go 2028 le haghaidh na nANSPanna ANALUX agus LVNL faoi seach, lena n-áirítear trí bhearta breise a chur i bhfeidhm más gá.

Athbhreithniú ar na bearta chun spriocanna comhshaoil a bhaint amach

(49) I gcomhréir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar dhréachtphlean feidhmíochta FABEC trí athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta chun na spriocanna comhshaoil atá sa phlean sin a bhaint amach.

(50) Ar bhonn an athbhreithnithe dá dtagraítear in aithris (49), tá amhras mór ar an gCoimisiún an leor na bearta a chuir an Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, Lucsamburg agus an Ísiltír i láthair chun spriocanna feidhmíochta comhshaoil FABEC a bhaint amach ionas gur féidir na spriocanna sin a bhaint amach go héifeachtach. Ag féachaint do thorthaí CAF, tugann an Coimisiún faoi deara, go háirithe, nach leor na bearta a chuir an Fhrainc i láthair i leith ANSP 'DSNA' chun na feabhsuithe spriocdhírithe ar éifeachtúlacht eitilte a chumasú le linn TT4.

(51) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart do FABEC bearta breise a chur i bhfeidhm chun a spriocanna comhshaoil a bhaint amach le haghaidh TT4, mar shampla, trí aerspás saorbhealaigh a chur chun feidhme go héifeachtach agus trí aerspás saorbhealaigh trasteorann a chur chun feidhme le Ballstáit chomharsanachta bhreise.

Athbhreithniú ar na bearta chun spriocanna acmhainneachta a bhaint amach

(52) I gcomhréir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar dhréachtphlean feidhmíochta FABEC trí athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta chun na spriocanna acmhainneachta faoi bhealach atá sa phlean sin a bhaint amach.

(53) Ar bhonn an athbhreithnithe dá dtagraítear in aithris (52), tá amhras mór ar an gCoimisiún an leor na bearta a chuir an Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, Lucsamburg agus an Ísiltír i láthair chun spriocanna feidhmíochta acmhainneachta FABEC a bhaint amach ionas gur féidir na spriocanna sin a bhaint amach go héifeachtach. Ag féachaint do thorthaí CAF, tugann an Coimisiún faoi deara, go háirithe, nach leor na bearta a chuir an Ghearmáin i láthair i leith ANSP 'DSF' chun freastal ar an éileamh tráchta a bhfuil coinne leis le linn TT4.

(54) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart do FABEC bearta breise a chur i bhfeidhm chun a spriocanna acmhainneachta faoi bhealach a bhaint amach le haghaidh TT4, mar shampla, i leith oiliúint a chur ar ATCOnna breise agus iad a earcú, úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní, agus socruithe comhair idir soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta.

Athbhreithniú ar na spriocanna acmhainneachta maidir le seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt

(55) I gcomhréir le pointe 2.1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar dhréachtphlean feidhmíochta FABEC trí athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt a leagtar amach i leith na n-aerfort dá dtagraítear in Airteagail 1(3) agus (4) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Fuarthas amach go bhfuil na spriocanna sin ina gcúis imní.

(56) Maidir leis an mBeilg, tugann an Coimisiún dá aire gur tháinig meath suntasach ar an meánmhoill BSAT isteach in aghaidh na bliana i gcomparáid le TT3 mar thoradh ar na spriocanna acmhainneachta críochfoirt atá beartaithe le haghaidh TT4. Go deimhin, socraítear na spriocanna TT4 atá beartaithe ag 0,94 nóiméad in aghaidh na heitilte, ach amháin i gcás na bliana 2027 dá moltar sprioc 2,00 nóiméad in aghaidh na heitilte, cé gurb é 0,28 nóiméad in aghaidh na heitilte an fheidhmíocht iarbhír a taifeadadh in 2024. Ina theannta sin, fuarthas amach go bhfuil an meánmhoill BSAT isteach in aghaidh na heitilte d'aerfort na Bruiséile i bhfad níos measa mar thoradh ar na spriocanna acmhainneachta críochfoirt sin ná leibhéal feidhmíochta aerfort comhchosúil arna sainaithint ag CAF.

(57) Maidir leis an Ísiltír, tugann an Coimisiún dá aire go raibh an mheánmhoill BSAT isteach a taifeadadh sna 3 bliana dheireanacha de TT3 ag leibhéal ard, is é sin 3,50 nóiméad in aghaidh na heitilte in 2024. D'ainneoin gur feabhas é ar TT3, mar thoradh ar na spriocanna acmhainneachta críochfoirt atá beartaithe le haghaidh TT4, is measa i bhfad an leibhéal meánmhoill BSAT isteach in aghaidh na heitilte d'aerfort Amsterdam Schiphol ná leibhéal feidhmíochta aerfort comhchosúil arna sainaithint ag CAF.

(58) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart don Bheilg agus don Ísiltír údar breise a thabhairt leis na spriocanna acmhainneachta críochfoirt le haghaidh TT4 i bhfianaise na mbarúlacha a leagtar amach in aithrisí (56) agus (57), nó gur cheart dóibh na spriocanna sin a athbhreithniú anuas.

Athbhreithniú ar na spriocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt

(59) I gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar dhréachtphlean feidhmíochta FABEC trí athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt a leagtar amach i leith na n-aerfort dá dtagraítear in Airteagail 1(3) agus (4) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Fuarthas amach go bhfuil na spriocanna sin ina gcúis imní.

(60) I leith limistéar muirearaithe críochfoirt na Beilge, tugann an Coimisiún faoi deara go dtagann treocht CAAS - 0,8 % le linn TT4 as na spriocanna costéifeachtúlachta atá beartaithe. Fuarthas amach, áfach, go meastar go bhfuil an meán-CAAS le haghaidh TT4 le haghaidh na seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt ag aerfort na Bruiséile i bhfad níos airde ná CAAS airmheánach na n-aerfort comhchosúil arna sainaithint ag CAF.

(61) I leith limistéar muirearaithe críochfoirt na Gearmáine, tugann an Coimisiún faoi deara go dtagann treocht DUC - 0,8 % le linn TT4 as na spriocanna costéifeachtúlachta atá beartaithe. Fuarthas amach, áfach, go meastar go bhfuil an meán-CAAS le haghaidh TT4 le haghaidh na seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt ag aerfoirt München, Hamburg, Dusseldorf agus Cologne-Bonn i bhfad níos airde ná CAAS airmheánach na an grúpa ábhartha aerfort comhchosúil.

(62) I leith limistéar muirearaithe críochfoirt na hÍsiltíre, tugann an Coimisiún faoi deara go dtagann treocht DUC +0,4 % le linn TT4, treocht atá ag dul in olcas, as na spriocanna costéifeachtúlachta atá beartaithe. Thairis sin, fuarthas amach go meastar go bhfuil an meán-CAAS le haghaidh TT4 le haghaidh na seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt ag aerfort Amsterdam-Schiphol i bhfad níos airde ná CAAS airmheánach an ghrúpa ábhartha aerfort comhchosúil.

(63) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart don Bheilg, don Ghearmáin agus don Ísiltír údar breise a thabhairt lena spriocanna costéifeachtúlachta críochfoirt le haghaidh TT4 i bhfianaise na mbarúlacha a leagtar amach in aithrisí (60), (61) agus (62), nó gur cheart dóibh na spriocanna sin a athbhreithniú anuas.

Athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachta maidir le hacmhainneacht faoi bhealach agus acmhainneacht críochfoirt

(64) I gcomhréir le pointe 2.1(f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachta a áirítear i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC chun na spriocanna acmhainneachta a bhaint amach ('scéimeanna dreasachta acmhainneachta'). Suíodh gur cúis imní iad na scéimeanna dreasachta acmhainneachta le haghaidh TT4 arna mbunú ag an mBeilg, ag an bhFrainc, ag an nGearmáin, ag Lucsamburg agus ag an Ísiltír le haghaidh seirbhísí faoi bhealach agus seirbhísí críochfoirt.

(65) Tugann an Coimisiún faoi deara, maidir le scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht faoi bhealach FABEC agus scéimeanna dreasachta acmhainneachta críochfoirt na Beilge, na Fraince, na Gearmáine agus na hÍsiltíre, mar a bhunaítear i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC, go gcuimsíonn siad uas-mhíbhuntáiste airgeadais nach bhfuil ann ach 0,50 % de na costais arna suí. Ag féachaint don chomhairle shaineolach a chuir CAF ar fáil, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann na huas-mhíbhuntáistí airgeadais le haghaidh na scéimeanna dreasachta sin Airteagal 11(3), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, lena gceanglaítear go mbeidh '*tionchar ábhartha ag scéimeanna dreasachta den sórt sin ar ioncam atá i mbaol*'.

(66) Dá bhrí sin, ba cheart don Bheilg, don Ghearmáin, don Fhrainc, do Lucsamburg agus don Ísiltír athbhreithniú a dhéanamh ar na scéimeanna dreasachta acmhainneachta dá dtagraítear in aithris (65) ionas go mbeidh na míbhuntáistí airgeadais uasta a eascraíonn as na scéimeanna dreasachta sin socraithe ar leibhéal ag a bhfuil tionchar ábhartha ar an ioncam faoi riosca, mar a cheanglaítear le hAirteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is é tuairim an Choimisiúin é gur cheart míbhuntáiste airgeadais uasta ar luach 1 % nó níos airde de na costais bhliantúla arna suí a bheith ann mar thoradh ar an athbhreithniú sin.

3. TORTHAÍ MAIDIR LEIS AN DANMHAIRG

Measúnú ar na spriocanna costéifeachtúlachta

(67) Is iad seo a leanas na spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach atá beartaithe ag an Danmhairg le haghaidh TT4, agus na luachanna bonnlíne gaolmhara:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Danmhairge	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**DKK 466,58**	**DKK 543,10**	**DKK 529,76**	**DKK 521,41**	**DKK 515,34**	**DKK 506,93**	**DKK 500,26**
	EUR 62,74	**EUR 73,02**	**EUR 71,23**	**EUR 70,11**	**EUR 69,29**	**EUR 68,16**	**EUR 67,26**

(68) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go sáraíonn treocht CAAS na Danmhairge ar leibhéal an limistéir muirearaithe de - 1,6 % le linn TT4 an treocht uile-Aontais de - 1,2 % le linn na tréimhse céanna.

(69) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil treocht CAAS fhadtéarmach na Danmhairge le linn TT3 agus TT4 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá +0,8 %, níos measa ná an treocht fhadtéarmach uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá - 1,0 %.

(70) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an luach bonnlíne EUR 73,02 le haghaidh CAAS na Danmhairge in EUR2022 19,9 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, is é sin EUR 60,91 in EUR2022, a leagtar amach in Airteagal 7, pointe (f), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

(71) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire nár thug an Danmhairg aon údar leis na dialltaí dá dtagraítear in aithrisí (69) agus (70) ar fhorais costais bhreise arna suí a bhaineann leis na bearta is gá chun spriocanna acmhainneachta nó costais athstruchtúraithe a bhaint amach de réir bhrí Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá bhrí sin, níor cheart a mheas go bhfuil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i bpointí 1.4(d)(i) agus (ii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 comhlíonta i ndáil leis an Danmhairg.

(72) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (67) go (71), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na Danmhairge ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

4. TORTHAÍ MAIDIR LEIS AN EASTÓIN

Measúnú ar na spriocanna costéifeachtúlachta

(73) Is iad seo a leanas na spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach atá beartaithe ag an Eastóin le haghaidh TT4, agus na luachanna bonnlíne gaolmhara:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hEastóine	Luach bonnlíne 2019	Luach bonnlíne 2024	2025	2026	2027	2028	2029
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 38,12**	**EUR 54,69**	**EUR 50,46**	**EUR 52,95**	**EUR 54,37**	**EUR 54,54**	**EUR 55,69**

(74) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht CAAS na hEastóine ar leibhéal an limistéir muirearaithe de +0,4 % le linn TT4 ná an treocht uile-Aontais de - 1,2 % le linn na tréimhse céanna.

(75) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil treocht CAAS fhadtéarmach na hEastóine le linn TT3 agus TT4 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá +4,3 %, níos measa ná an treocht fhadtéarmach uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá - 1,0 %.

(76) Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, gur chaill an Eastóin sciar suntasach de na traseitiltí a bhfreastalaíodh sí orthu go stairiúil, mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Leanann an laghdú tráchta sin ar aghaidh le linn TT4 chun tionchar mór a imirt ar fheidhmíocht costéifeachtúlachta ANSPanna na hEastóine agus, go háirithe, bíonn tionchar diúltach aige ar threocht fhadtéarmach CAAS na hEastóine arna ríomh le linn TT3 agus TT4 le chéile.

(77) Dá bhrí sin, is gá agus is iomchuí scrúdú a dhéanamh, chun críoch an chritéir measúnaithe dá dtagraítear in aithris (75), an gcomhlíonfadh an Eastóin an treocht CAAS fhadtéarmach uile-Aontais in éagmais na n-imthosca dá dtagraítear in aithris (76).

(78) Chuige sin, rinne an Coimisiún treocht fhadtéarmach CAAS na hEastóine le linn TT3 agus TT4 a athríomh i bhfianaise an chaillteanais struchtúraigh tráchta a mheastar a bheidh ann don Eastóin mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin, arna thomhas in aonaid seirbhíse faoi bhealach. Is é an toradh atá ar an athríomh sin treocht CAAS choigeartaithe fhadtéarmach le haghaidh na hEastóine de - 2,4 %, rud a sháraíonn an treocht CAAS fhadtéarmach uile-Aontais de - 1,0 %. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid go gcomhlíonann an Eastóin an critéar measúnaithe dá dtagraítear in aithris (75) tar éis éifeacht an laghdaithe shuntasaigh tráchta mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin a chur san áireamh.

(79) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an luach bonnlíne EUR 54,69 le haghaidh CAAS na hEastóine in EUR2022 5,2 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, is é sin EUR 52,00 in EUR2022, a leagtar amach in Airteagal 7, pointe (d), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

(80) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire nár thug an Eastóin aon údar leis na dialltaí dá dtagraítear in aithrisí (74) agus (79) ar fhorais costais bhreise arna suí a bhaineann leis na bearta is gá chun spriocanna acmhainneachta nó costais athstruchtúraithe a bhaint amach de réir bhrí Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá bhrí sin, níor cheart a mheas go bhfuil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i bpointí 1.4(d)(i) agus (ii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 comhlíonta i ndáil leis an Eastóin.

(81) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (73) go (80), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na hEastóine ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

5. **TORTHAÍ MAIDIR LEIS AN nGRÉIG**

Measúnú ar na spriocanna acmhainneachta

(82) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna acmhainneachta eitiltí faoi bhealach a mholann an Ghréig i leith TT4, arna sloinneadh i nóiméid moille BSAT in aghaidh na heitilte, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochtaí Líonra an 2 Iúil 2024:

an Ghréig	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, arna sloinneadh i nóiméid moille BSAT faoi bhealach in aghaidh na heitilte	**0,69**	**0,50**	**0,19**	**0,16**	**0,16**
Luachanna tagartha	0,34	0,25	0,19	0,16	0,16

(83) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na spriocanna acmhainneachta arna moladh ag an nGréig do na blianta 2027, 2028 agus 2029 agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha. Mar sin féin, tá na spriocanna acmhainneachta atá beartaithe i bhfad níos airde ná na luachanna tagartha i leith na mblianta 2025 agus 2026.

(84) Áirítear ar na bearta chun na spriocanna acmhainneachta arna gcur i láthair ag an nGréig a bhaint amach an ANSP oiliúint a chur ar líon ard ATCOnna nua agus iad a earcú, sin méadú foriomlán 35 % le linn TT4 ar an líon ATCOnna coibhéise lánaimseartha in oibríochtaí ag ACC. Thairis sin, tá sé beartaithe ag an ANSP córas nua BAT a chur in úsáid, a líonra radair a uasghrádú, bearta atheagrúcháin aerspáis a chur chun feidhme agus a nósanna imeachta maidir le sreabhadh aerthráchta agus bainistiú toillte a fheabhsú.

(85) Bunaithe ar an meastóireacht a rinne CAF, tugann an Coimisiún dá aire nach n-áirítear i ndréachtphlean feidhmíochta na Gréige bearta ábhartha áirithe feabhsaithe acmhainneachta a leagtar amach i bPlean Oibríochtaí Líonra an 2 Iúil 2024. D'fhéadfadh bearna acmhainneachta a bheith mar thoradh air sin le linn TT4, lena n-áirítear sna blianta 2025 agus 2026 a bhfuil na spriocanna acmhainneachta atá beartaithe ina leith níos airde ná na luachanna tagartha comhfhreagracha.

(86) Deir an Ghréig ina dréachtphlean feidhmíochta nárbh fhéidir na spriocanna acmhainneachta do na blianta féilire 2025 agus 2026 a shocrú i gcomhréir leis na luachanna tagartha a áirítear sa Phlean Oibríochtaí Líonra an 2 Iúil 2024 mar gheall ar an bhfás níos dearfaí ar aerthrácht atá tuartha sa réamhaisnéis tráchta STATFOR i mí Dheireadh Fómhair 2024. Míníonn an Ghréig go raibh moill ar an ANSP le linn TT3 maidir lena phlean infheistíochta TT3 a chur chun feidhme agus ATCOnna a earcú, rud a raibh srianta oibríochtúla ar an leibhéal áitiúil mar thoradh air. Go háirithe, agraíonn an Ghréig na teorainneacha teicniúla a bhaineann leis na córais leagáide atá in úsáid faoi láthair ag an ANSP, córais a bhfuil sé beartaithe iad a ionadú nó a nuachóiriú níos déanaí le linn TT4.

(87) I bhfianaise na gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, áfach, measann an Coimisiún nach dtugann an fhaisnéis agus an fhianaise a chuir an Ghréig ar fáil ina dréachtphlean feidhmíochta, lena n-áirítear maidir le cúinsí áitiúla ábhartha, údar maith leis na dialltaí suntasacha atá beartaithe maidir leis na spriocanna acmhainneachta do na blianta 2025 agus 2026 ó na luachanna tagartha comhfhreagracha. Tá an Coimisiún den tuairim go mbeadh an Ghréig in ann bearta breise a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar a spriocanna acmhainneachta do na blianta sin chun maolú a dhéanamh ar na héifeachtaí diúltacha a bhaineann leis an moill atá ar earcú ATCOnna agus le gan infheistíochtaí a bhí beartaithe le linn TT3 a chur i gcrích.

(88) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (82) go (87), ba cheart a mheas go bhfuil spriocanna acmhainneachta na Gréige ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

Measúnú ar na spriocanna costéifeachtúlachta

(89) Is iad seo a leanas na spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach atá beartaithe ag an nGréig le haghaidh TT4, agus na luachanna bonnlíne gaolmhara:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Gréige	Luach bonnlíne 2019	Luach bonnlíne 2024	2025	2026	2027	2028	2029
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 28,84**	**EUR 25,04**	**EUR 24,67**	**EUR 24,01**	**EUR 24,95**	**EUR 26,40**	**EUR 25,72**

(90) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht CAAS na Gréige ar leibhéal an limistéir muirearaithe de +0,5 % le linn TT4 ná an treocht uile-Aontais de - 1,2 % le linn na tréimhse céanna.

(91) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go sáraíonn treocht CAAS fhadtéarmach na Gréige le linn TT3 agus TT4 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá - 1,3 %, an treocht fhadtéarmach uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá - 1,0 %.

(92) Tugann an Coimisiún dá aire go n-áirítear sa luach bonnlíne don bhliain 2019 a chuir an Ghréig i láthair ina dréachtphlean feidhmíochta coigeartuithe costais dar luach EUR 19,5 M de chostais bhreise arna sloinneadh in EUR 2022. De réir anailís an CAF, ní raibh na coigeartuithe sin ina gcuid de luach bonnlíne 2019 a socraíodh i bplean feidhmíochta na Gréige le haghaidh TT3 agus níor thug an Ghréig údar leordhóthanach leo ina dréachtphlean feidhmíochta TT4.

(93) Dá bhrí sin, is gá scrúdú a dhéanamh, chun críoch an chritéir measúnaithe dá dtagraítear in aithris (91), an gcomhlíonfadh an Ghréig an treocht CAAS fhadtéarmach uile-Aontais in éagmais na gcoigeartuithe i leith luach bonnlíne 2019, dá dtagraítear in aithris (92).

(94) Chuige sin, rinne an Coimisiún treocht fhada CAAS na Gréige le linn TT3 agus TT4 a athríomh trí úsáid a bhaint as an luach bonnlíne le haghaidh 2019 a áirítear i bplean feidhmíochta TT3 na Gréige, in ionad an luacha bonnlíne choigeartaithe a áirítear i ndréachtphlean feidhmíochta na Gréige le haghaidh TT4. Is é an toradh atá ar an athríomh sin treocht CAAS choigeartaithe fhadtéarmach le haghaidh na Gréige de +0,1 %, rud is measa ná an treocht CAAS fhadtéarmach uile-Aontais de - 1,0 %. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid nach gcomhlíonann an Ghréig an critéar measúnaithe dá dtagraítear in aithris (91).

(95) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an luach bonnlíne EUR 25,04 le haghaidh CAAS na Gréige in EUR2022 39,2 % níos ísle ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, is é sin EUR 41,19 in EUR2022, a leagtar amach in Airteagal 7, pointe (c), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

(96) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire nár thug an Ghréig aon údar leis na dialltaí dá dtagraítear in aithrisí (90) agus (91) ar fhorais bearta chun spriocanna acmhainneachta nó bearta athstruchtúraithe a bhaint amach de réir bhrí Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá bhrí sin, níor cheart a mheas go bhfuil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i bpointí 1.4(d)(i) agus (ii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 comhlíonta i ndáil leis an Gréig.

(97) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (89) go (96), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na Gréige ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

Athbhreithniú ar na bearta chun spriocanna comhshaoil a bhaint amach

(98) I gcomhréir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar dhréachtphlean feidhmíochta na Gréige trí athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta chun na spriocanna comhshaoil atá sa phlean sin a bhaint amach.

(99) Ar bhonn an athbhreithnithe dá dtagraítear in aithris (98), tá amhras ar an gCoimisiún an leor na bearta a chuir an Ghréig i láthair chun a spriocanna feidhmíochta comhshaoil a bhaint amach ionas gur féidir na spriocanna sin a bhaint amach go héifeachtach. Ag féachaint do thorthaí an CAF, tugann an Coimisiún faoi deara, go háirithe, nach bhfuil gealltanas tugtha ag an nGréig, sa dréachtphlean feidhmíochta, maidir le cur chun feidhme roinnt beart ábhartha a leagtar amach in ERNIP.

(100) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart don Ghréig feabhas a chur ar na bearta chun a spriocanna comhshaoil le haghaidh TT4 a chuirtear i láthair sa dréachtphlean feidhmíochta a bhaint amach, lena n-áirítear trí ghealltanas a thabhairt i leith na mbeart oibríochtúil uile a leagtar amach in ERNIP agus trí dhlús a chur le cur chun feidhme an aerspáis saorbhealaigh trasteorann.

6. **TORTHAÍ MAIDIR LE hÉIRINN**

Measúnú ar na spriocanna costéifeachtúlachta

(101) Is iad seo a leanas na spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach atá beartaithe ag Éirinn le haghaidh TT4, agus na luachanna bonnlíne gaolmhara:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hÉireann	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 27,59**	**EUR 27,29**	**EUR 28,61**	**EUR 29,72**	**EUR 29,75**	**EUR 29,84**	**EUR 30,14**

(102) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht CAAS na hÉireann ar leibhéal an limistéir muirearaithe de +2,0 % le linn TT4 ná an treocht uile-Aontais de - 1,2 % le linn na tréimhse céanna.

(103) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil treocht CAAS fhadtéarmach na hÉireann le linn TT3 agus TT4 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá +1,0 %, níos measa ná an treocht fhadtéarmach uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá - 1,0 %.

(104) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an luach bonnlíne EUR 27,29 le haghaidh CAAS na hÉireann in EUR2022 4,0 % níos ísle ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, is é sin EUR 28,43 in EUR2022, a leagtar amach in Airteagal 7, pointe (b), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

(105) Is gá scrúdú a dhéanamh chun a chinneadh an féidir a mheas go bhfuil na dialltaí dá dtagraítear in aithrisí (102) agus (103) riachtanach agus comhréireach i gcomhréir le pointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, rinne an Coimisiún measúnú chun a chinneadh an bhfuil na dialltaí a breathnaíodh ón treocht CAAS uile-Aontais agus ón treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais dá dtagraítear in aithrisí (102) agus (103) i ngeall, go heisiach, ar chostais bhreise arna suí a bhaineann leis na bearta is gá chun na spriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta a bhaint amach nó ar chostais athstruchtúraithe de réir bhrí Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(106) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go dtagraíonn Éire sa dréachtphlean feidhmíochta do na costais bhreise arna suí arna dtabhú le linn TT4 ag an ANSP AirNav Ireland i ndáil leis na bearta is gá chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta a bhaint amach ('bearta acmhainneachta'). Tá na príomhghnéithe seo a leanas sna bearta acmhainneachta a chuirtear i láthair:

(a) oiliúint a chur ar ATCOnna breise in oibríochtaí chun an méadú trách ta a bhfuil coinne leis le linn TT4 a láimhseáil agus na ATCOnna sin a earcú;

(b) pearsanra leictreonaice sábháilteachta aerthrách ta breise a fhostú chun tacú le tionscadail infheistíochta chaipitiúla a chur i gcrích, go háirithe cur chun feidhme beartaithe córais nua BAT le linn TT4;

(c) foireann tacaíochta forchostais bhreise a fhostú chun ATCOnna a scaoileadh ó chúraimí neamhoibríochtúla agus táirgiúlacht ATCOnna a mhéadú;

(d) córas nua BAT a fháil agus a chur in úsáid, rud a sholáthróidh feabhsuithe suntasacha feidhmiúla agus teicniúla; tiocfaidh an BAT nua in ionad chóras BAT AirNav Ireland atá ann faoi láthair, atá in úsáid le 17 mbliana; i ndáil leis an gcóras nua BAT, tá sé beartaithe ag AirNav Ireland freisin córas teagmhasach nua BAT a chur chun feidhme agus síneadh a chur lena fhoirgnimh ACC chun saoráidí an chórais nua BAT a chruthú agus a thástáil;

(e) uasghrádú an bhonneagair radair atá in úsáid, go háirithe trí chomhpháirteanna teicniúla nua a chur in ionad na gceann a bhfuil a ré caite;

(f) trealamh agus uirlisí a fháil chun tacú le hathléimneacht na n-oibríochtaí.

(107) Ag féachaint don mheastóireacht arna déanamh ag an CAF, i dtéarmaí airgeadaíochta chumhdódh na costais bhreise arna dtuairisciú ag Éirinn le haghaidh na mbeart acmhainneachta dá dtagraítear in aithris (106) na dialltaí a breathnaíodh ó na treochtaí costéifeachtúlachta uile-Aontais arna ríomh ag CAF. De réir an CAF, áfach, níl aon mhór-shaincheisteanna a bhaineann le hacmhainneacht roimh Éirinn, agus bheadh costais shuntasacha bhreise ag teastáil chun a leithéid a réiteach le linn TT4.

(108) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhféadfaí bearta acmhainneachta áirithe arna n-agairt ag Éirinn a mheas mar chuid de ghnáthoibríochtaí an ANSP lena mbaineann nó nach bhféadfaidís rannchuidiú go díreach le hacmhainneacht aerspáis a fheabhsú. Dá bhrí sin, ní féidir teacht ar chonclúid, gan tuilleadh faisnéise agus anailíse mionsonraithe, maidir le cé acu is féidir nó nach féidir a mheas go bhfuil na bearta acmhainneachta arna gcur i láthair ag Éirinn riachtanach agus comhréireach, ina n-iomláine, chun na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta áitiúla le haghaidh TT4 a bhaint amach.

(109) Dá bhrí sin, níor cheart a mheas go bhfuil an critéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 comhlíonta i ndáil le hÉirinn.

(110) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara nár chuir Éire i láthair sa dréachtphlean feidhmíochta aon bheart athstruchtúraithe lena dtabharfaí údar le diall ón treocht CAAS uile-Aontais ná ón treocht CAAS fhadtéarmach uile-Aontais de bhun na gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(ii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(111) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (101) go (110), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na hÉireann ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

7. **TORTHAÍ MAIDIR LEIS AN LAITVIA**

Measúnú ar na spriocanna costéifeachtúlachta

(112) Is iad seo a leanas na spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach atá beartaithe ag an Laitvia le haghaidh TT4, agus na luachanna bonnlíne gaolmhara:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Laitvia	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 28,57**	**EUR 37,97**	**EUR48,73**	**EUR53,56**	**EUR57,79**	**EUR 61,14**	**EUR 63,75**

(113) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht CAAS na Laitvia ar leibhéal an limistéir muirearaithe de +10,9 % le linn TT4 ná an treocht uile-Aontais de - 1,2 % le linn na tréimhse céanna.

(114) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil treocht CAAS fhadtéarmach na Laitvia le linn TT3 agus TT4 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá +9,3 %, níos measa ná an treocht fhadtéarmach uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá - 1,0 %.

(115) Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, gur chaill an Laitvia sciar suntasach de na traseitiltí a bhfreastalaíodh sí orthu go stairiúil, mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Leanann an laghdú tráchta sin ar aghaidh le linn TT4 chun tionchar mór a imirt ar fheidhmíocht costéifeachtúlachta ANSPanna na Laitvia agus, go háirithe, bíonn tionchar diúltach aige ar threocht fhadtéarmach CAAS na Laitvia arna ríomh le linn TT3 agus TT4 le chéile.

(116) Dá bhrí sin, is gá agus is iomchuí scrúdú a dhéanamh, chun críoch an chritéir measúnaithe dá dtagraítear in aithris (114), an gcomhlíonfadh an Laitvia an treocht CAAS fhadtéarmach uile-Aontais in éagmais na n-imthosca dá dtagraítear in aithris (115).

(117) Chuige sin, rinne an Coimisiún treocht fhadtéarmach CAAS na Laitvia le linn TT3 agus TT4 a athríomh i bhfianaise an chaillteanais struchtúraigh tráchta a mheastar a bheidh ann don Laitvia mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin, arna thomhas in aonaid seirbhíse faoi bhealach. Is é an toradh atá ar an athríomh sin treocht CAAS choigeartaithe fhadtéarmach le haghaidh na Laitvia de +1,3 %, rud atá fós os cionn na treochta CAAS fadtéarmaí uile-Aontais de - 1,0 %. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid nach gcomhlíonann an Laitvia an critéar measúnaithe dá dtagraítear in aithris (114), fiú tar éis éifeacht an laghdaithe shuntasaigh tráchta mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin a chur san áireamh.

(118) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an luach bonnlíne EUR 37,97 le haghaidh CAAS na Laitvia in EUR2022 32,4 % níos ísle ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, is é sin EUR 56,17 in EUR2022, a leagtar amach in Airteagal 7, pointe (d), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

(119) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire nár thug an Laitvia aon údar leis na dialltaí dá dtagraítear in aithrisí (113) go (117) ar fhorais costais bhreise arna suí a bhaineann leis na bearta is gá chun spriocanna acmhainneachta nó costais athstruchtúraithe a bhaint amach de réir bhrí Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá bhrí sin, níor cheart a mheas go bhfuil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i bpointí 1.4(d)(i) agus (ii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 comhlíonta i ndáil leis an Laitvia.

(120) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (112) go (119), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na Laitvia ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

8. **TORTHAÍ MAIDIR LEIS AN tSLÓVAIC**

Measúnú ar na spriocanna costéifeachtúlachta

(121) Is iad seo a leanas na spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach atá beartaithe ag an tSlóvaic le haghaidh TT4, agus na luachanna bonnlíne gaolmhara:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Slóvaice	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 56,20**	**EUR 60,11**	**EUR 62,58**	**EUR 61,85**	**EUR 61,12**	**EUR 59,71**	**EUR 58,34**

(122) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht CAAS na Slóvaice ar leibhéal an limistéir muirearaithe de - 0,6 % le linn TT4 ná an treocht uile-Aontais de - 1,2 % le linn na tréimhse céanna.

(123) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil treocht CAAS fhadtéarmach na Slóvaice le linn TT3 agus TT4 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá +0,4 %, níos measa ná an treocht fhadtéarmach uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá - 1,0 %.

(124) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an luach bonnlíne EUR 60,11 le haghaidh CAAS na Slóvaice in EUR2022 70,0 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, is é sin EUR 35,35 in EUR2022, a leagtar amach in Airteagal 7, pointe (c), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

(125) Is gá scrúdú a dhéanamh chun a chinneadh an féidir a mheas go bhfuil na dialltaí dá dtagraítear in aithrisí (122) go (124) riachtanach agus comhréireach i gcomhréir le pointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, rinne an Coimisiún measúnú chun a chinneadh an bhfuil na dialltaí a breathnaíodh ón treocht CAAS uile-Aontais agus ón treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais dá dtagraítear in aithrisí (122) agus (123) i ngeall, go heisiach, ar chostais bhreise arna suí a bhaineann leis na bearta is gá chun na spriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta a bhaint amach nó ar chostais athstruchtúraithe de réir bhrí Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(126) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go dtagraíonn an tSlóvaic sa dréachtphlean feidhmíochta do na costais bhreise arna suí arna dtabhú le linn TT4 ag an ANSP LPS i ndáil leis na bearta is gá chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta a bhaint amach ('bearta acmhainneachta'). Tá na príomhghnéithe seo a leanas sna bearta acmhainneachta a chuirtear i láthair:

(a) oiliúint a chur ar ATCOnna breise in oibríochtaí chun an méadú tráchta a bhfuil coinne leis le linn TT4 a láimhseáil agus na ATCOnna sin a earcú; tá sé beartaithe go dtiocfaidh méadú foriomlán os cionn 10 % ar an líon ATCOnna in oibríochtaí ag ACC na Bratasláive as sin le linn TT4;

(b) córas BAT nua a chur chun feidhme, rud atá beartaithe ionas gur féidir feabhsuithe a dhéanamh amach anseo ar acmhainneacht an aerspáis,

(c) nuachóiriú bonneagair agus foirgneamh d'fhonn athléimneacht oibríochtúil a fheabhsú.

(127) Ag féachaint don mheastóireacht arna déanamh ag CAF, tá na costais bhreise arna dtuairisciú ag an tSlóvaic le haghaidh na mbeart acmhainneachta dá dtagraítear in aithris (126) i bhfad níos ísle i dtéarmaí airgeadaíochta ná na dialltaí a breathnaíodh ó na treochtaí costéifeachtúlachta uile-Aontais arna ríomh ag CAF. Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhféadfaí bearta acmhainneachta áirithe arna n-agairt ag an tSlóvaic a mheas mar chuid de ghnáthoibríochtaí an ANSP lena mbaineann nó nach bhféadfaidís rannchuidiú go díreach le hacmhainneacht aerspáis a fheabhsú. Dá bhrí sin, ní féidir teacht ar chonclúid, gan tuilleadh faisnéise agus anailíse mionsonraithe, maidir le cé acu is féidir nó nach féidir a mheas go bhfuil na bearta acmhainneachta arna gcur i láthair ag an tSlóvaic riachtanach agus comhréireach, ina n-iomláine, chun na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta áitiúla le haghaidh TT4 a bhaint amach. Dá bhrí sin, tugann an Coimisiún dá aire nach féidir na dialltaí a breathnaíodh ó na treochtaí costéifeachtúlachta uile-Aontais dá dtagraítear in aithrisí (122) agus (123) agus a chur go heisiach i leith na gcostas breise a eascraíonn as na bearta acmhainneachta a cuireadh i láthair.

(128) Dá bhrí sin, níor cheart a mheas go bhfuil an critéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 comhlíonta i ndáil leis an tSlóvaic.

(129) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara nár chuir an tSlóvaic i láthair sa dréachtphlean feidhmíochta aon bheart athstruchtúraithe lena dtabharfaí údar le diall ón treocht CAAS uile-Aontais ná ón treocht CAAS fhadtéarmach uile-Aontais de bhun na gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(ii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(130) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (121) go (129), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na Slóvaice ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

9. **CONCLÚIDÍ**

(131) I bhfianaise an mhéid thuas, maidir le spriocanna feidhmíochta áirithe atá sa dréachtphlean feidhmíochta FABEC a chuir an Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, Lucsamburg agus an Ísiltír isteach, agus spriocanna feidhmíochta áirithe atá sna dréachtphleananna feidhmíochta a chuir an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Laitvia agus an tSlóvaic isteach, níor cheart a mheas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

(132) I gcomhréir le hAirteagal 14(3), an dara fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, ní mór do na Ballstáit lena mbaineann a gcuid dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 3 mhí ón dáta a nglacfar an Cinneadh seo, agus na moltaí a chuir an Coimisiún ar aghaidh á gcur san áireamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na spriocanna feidhmíochta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, spriocanna a áirítear sa dréachtphlean feidhmíochta bloic feidhme aerspáis a chuir an Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, Lucsamburg agus an Ísiltír isteach, agus sna dréachtphleananna feidhmíochta náisiúnta a chuir an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Laitvia agus an tSlóvaic isteach, tá siad ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais don cheathrú tréimhse thagartha ('TT4') a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

Airteagal 2

Déanfaidh an Ghréig athbhreithniú ar a spriocanna acmhainneachta faoi bhealach le haghaidh 2025 agus 2026, arna sloinneadh mar mheán-nóiméid moille bainistíochta sreibhe aerthrácht a faoi bhealach in aghaidh na heitilte, chun iad a dhéanamh comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta a leagtar amach in Airteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

I gcás ina moltar i bPlean Oibríochtaí Líonra an 2 Iúil 2024 arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún bearta sonracha breise chun feidhmíocht acmhainneachta a fheabhsú, cuirfear na bearta sin san áireamh agus athbhreithniú á dhéanamh ar na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta dá dtagraítear sa chéad mhír.

Airteagal 3

Déanfaidh an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Laitvia, Lucsamburg, an Ísiltír agus an tSlóvaic athbhreithniú anuas ar na spriocanna costéifeachtúlachta a socraíodh dá limistéir muirearaithe faoi bhealach, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (CAAS).

Agus a gcuid spriocanna cost-éifeachtúlachta á n-athbhreithniú acu, déanfaidh na Ballstáit sin na nithe seo a leanas:

(a) a áirithiú go bhfuil na spriocanna costéifeachtúlachta athbhreithnithe comhsheasmhach leis an treocht CAAS uile-Aontais agus leis an treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais araon, dá dtagraítear, faoi seach, i bpointe 1.4(a) agus (b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317;

(b) leibhéal na gcostas arna suí a laghdú dá réir sin, i leith na bliana féilire 2029 go háirithe;

(c) na réamhaisnéisí tráchta is déanaí a úsáid, arna sloinneadh in aonaid seirbhíse, i gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

De mhaolú ar an gcéad mhír, pointe (a), i gcás ina gcomhlíonann luach bonnlíne an limistéir muirearaithe faoi bhealach an critéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go bhfuil na spriocanna cost-éifeachtúlachta athbhreithnithe comhsheasmhach, ar a laghad, leis an treocht CAAS uile-Aontais nó leis an treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais.

I gcás ina n-agraíonn Ballstát, ina dhréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe atá le cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 14(3), an dara fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, diall faoi phointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, áiritheoidh sé go dtabharfar bunús leis an diall sin le faisnéis leordhóthanach agus le réasúnuithe leordhóthanacha. Go háirithe, léireoidh an Ballstát lena mbaineann nach mbaineann aon bhearta arna n-agairt chun údar a thabhairt le diall ó spriocanna costéifeachtúlachta uile-Aontais ach le hacmhainní oibríochtúla breise nó leis na cumais theicniúla bhreise is gá chun na spriocanna acmhainneachta a bhaint amach.

Airteagal 4

Is chuig Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éirinn, an Phoblacht Heilléanach, Poblacht na Fraince, Poblacht na Laitvia, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, agus Poblacht na Slóvaice a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Spriocanna feidhmíochta a cinneadh a bheith ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha

1. **SPRIOCANNA ATÁ SAN ÁIREAMH SA DRÉACHTPHLEAN FEIDHMÍOCHTA FABEC A CHUIR AN BHEILG, AN GHEARMÁIN, AN FHRAINC, LUCSAMBURG AGUS AN ÍSILTÍR ISTEACH**

PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA NA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Beilge-Lucsamburg	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 94,14**	**EUR 104,26**	**EUR 104,94**	**EUR 106,08**	**EUR 106,14**	**EUR 104,43**	**EUR 103,83**

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Gearmáine	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 71,71**	**EUR 74,90**	**EUR 73,16**	**EUR 73,06**	**EUR 73,10**	**EUR 71,87**	**EUR 70,54**

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hÍsiltíre	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 86,52**	**EUR 104,60**	**EUR 103,51**	**EUR 103,61**	**EUR 106,50**	**EUR 106,28**	**EUR 105,95**

2. **SPRIOCANNA ATÁ SAN ÁIREAMH I nDRÉACHTPHLEAN FEIDHMÍOCHTA NA DANMHAIRGE**

PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA NA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Danmhairge	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**DKK 466,58**	**DKK 543,10**	**DKK 529,76**	**DKK 521,41**	**DKK 515,34**	**DKK 506,93**	**DKK 500,26**
	EUR 62,74	EUR 73,02	EUR 71,23	EUR 70,11	EUR 69,29	EUR 68,16	EUR 67,26

3. **SPRIOCANNA ATÁ SAN ÁIREAMH I nDRÉACHTPHLEAN FEIDHMÍOCHTA NA hEASTÓINE**

PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA NA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hEastóine	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 38,12**	**EUR 54,69**	**EUR 50,46**	**EUR 52,95**	**EUR 54,37**	**EUR 54,54**	**EUR 55,69**

4. **SPRIOCANNA ATÁ SAN ÁIREAMH I nDRÉACHTPHLEAN FEIDHMÍOCHTA NA GRÉIGE**

PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA NA hACMHAINNEACHTA

an Ghréig	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, arna sloinneadh i nóiméid moille BSAT faoi bhealach in aghaidh na heitilte	**0,69**	**0,50**	**0,19**	**0,16**	**0,16**

PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA NA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Gréige	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 28,84**	**EUR 25,04**	**EUR 24,67**	**EUR 24,01**	**EUR 24,95**	**EUR 26,40**	**EUR 25,72**

5. **SPRIOCANNA ATÁ SAN ÁIREAMH I nDRÉACHTPHLEAN FEIDHMÍOCHTA NA hÉIREANN**

PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA NA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hÉireann	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 27,59**	**EUR 27,29**	**EUR 28,61**	**EUR 29,72**	**EUR 29,75**	**EUR 29,84**	**EUR 30,14**

6. **SPRIOCANNA ATÁ SAN ÁIREAMH I nDRÉACHTPHLEAN FEIDHMÍOCHTA NA LAITVIA**

PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA NA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Laitvia	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 28,57**	**EUR 37,97**	**EUR 48,73**	**EUR 53,56**	**EUR 57,79**	**EUR 61,14**	**EUR 63,75**

7. **SPRIOCANNA ATÁ SAN ÁIREAMH I nDRÉACHTPHLEAN FEIDHMÍOCHTA NA SLÓVAICE**

PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA NA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Slóvaice	**Luach bonnlíne 2019**	**Luach bonnlíne 2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**2028**	**2029**
Spriocanna agus luachanna bonnlíne i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022)	**EUR 56,20**	**EUR 60,11**	**EUR 62,58**	**EUR 61,85**	**EUR 61,12**	**EUR 59,71**	**EUR 58,34**